**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir(í):* A

*Cosantóir(í):* Autorité des marchés financiers (an tÚdarás um Margaí Airgeadais, an Fhrainc; "AMF")

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní mór Airteagal 1(1) de Threoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh (drochúsáid mhargaidh) a léirmhíniú sa chaoi, d'fhonn faisnéis ón taobh istigh a cháiliú, go bhféadfadh a bheith mar fhaisnéis de "chineál beacht", de réir bhrí na forála sin agus Airteagal 1(1) de Threoir 2003/124/CE ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2003 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2003/6 maidir le faisnéis ón taobh istigh a shainmhíniú agus a nochtadh go poiblí agus le cúbláil mhargaidh a shainmhíniú, faisnéis a bhaineann le halt preasa i mbéal a fhoilsithe lena gcraobhscaoiltear ráfla margaidh maidir le heisitheoir ionstraimí airgeadais agus tá sé ábhartha, chun an beachtas sin a mheas, a mhéid a chuirtear in iúl iad roimh an bhfoilsiú sin, go luafar san alt preasa sin an praghas ar a gceannófaí urrúis an eisitheora sin i gcomhthéacs tairiscint táthcheangail a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith le céannacht an iriseora a scríobh an t-alt sin agus céannacht na heagraíochta preasa a d'áirithigh a fhoilsiú. Maidir le tionchar iarbhír an fhoilsithe sin ar phraghsanna na n-urrús lena mbaineann sé, cé go bhféadfadh sé a bheith ina fhianaise *ex post* ar bheachtas na faisnéise sin, ní leor ann féin é, in éagmais scrúdú a dhéanamh ar fhachtóirí eile ab eol nó a nochtadh roimh an bhfoilsiú sin, chun beachtas mar sin a chruthú.

2. Ní mór Airteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6 agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún a léirmhíniú sa chaoi gur "chun [críoch] iriseoireachta", de réir bhrí an Airteagail sin, é nochtadh ag iriseoir, do cheann dá ghnáthfhoinsí faisnéise, d'fhaisnéis a bhaineann le halt preasa i mbéal a fhoilsithe a scríobh sé lena gcraobhscaoiltear ráfla margaidh, i gcás ina raibh an nochtadh sin riachtanach chun gníomhaíocht iriseoireachta a chleachtadh go héifeachtach, lena n-áirítear réamhobair fiosrúcháin d'fhoilseacháin.

3. Ní mór Airteagail 10 agus 21 de Rialachán Uimh. 596/2014 a léirmhíniú sa chaoi go bhfuil nochtadh faisnéise ón taobh istigh ag iriseoir dleathach i gcás nach mór a mheas go bhfuil sé riachtanach chun a ghairm a chleachtadh agus go gcomhlíonann sé prionsabal na comhréireachta.

---

(1) IO C 313, 21.09.2020

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Curtea de Apel București (an Rómáin) a taisceadh an 28 Meitheamh 2021 – Bursa Română de Mărfuri SA v Autoritatea națională de reglementare în domeniul energiei (ANRE)**

**(Cás C-394/21)**

(2022/C 191/05)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Achomharc arna thabhairt an 20 Meán Fómhair 2021 ag Svenska Metallkompaniet AB i gcoinne Ordú na Cúirte Ginearálta (an Cúigiú Dlísheomra) a fógraíodh an 5 Iúil 2021 i gCás T-191/21, Svenska Metallkompaniet v EUIPO – Otlav (Window fittings)**

**(Cás C-610/21 P)**

(2022/C 191/06)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Svenska Metallkompaniet AB

*Páirtí eile sna himeachtaí:* European Union Intellectual Property Office (EUIPO)